Cód Araíonachta agus Iompar do Scoil Aonghusa

CODE OF BEHAVIOUR & DISCIPLINE

Réamhrá:

Bhí athbhreithniú déanta ar an bpolasaí Cóid Iompair ar an 26 Aibreán 2016 agus 5 Feabhra 2018.
Shocraigh Bord Bainistíochta na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith is atá an cód iompair reatha ag teacht leis an dea-chleachtas agus chun a n-oibleagáidí dlíthiúla iomchuí a chomhlíonadh.
(Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, NEWB, 2008)

Aidhmeanna:

Is iad na haidhmeanna a ghabhann le cód iompair éifeachtach ná:

-A Chinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag ár ráiteas físe
-Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha
-Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine
-Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin
-Sábháilteacht agus dea-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú
-Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm
-Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smacht bhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile

Tá an Cód i dtrí chuid:

1. **Cóip de Riail 130**
2. **Fealsúnacht na múinteoirí i dtaobh araíonachta agus iompar i Scoil Aonghusa.**
3. **Liosta de rialacha na scoile agus smachtbhanna.**

The Code is in three parts, namely:

1. *Copy of Dept. of Education's Rule 130.*
2. *Teachers' collective philosophy with regard to discipline in Scoil Aonghusa.*
3. *A list of school rules and sanctions.*

---

1. RIAIL 130 DE NA RIALACHA LE hAGHAIDH SCOILEANNA NÁISIÚNTA
(Mar a leasaíodh in Imlitir 7/88 i)

ARAÍONACHT SCOILE

1. **Is ar an mBord Bainistíochta ag deireadh atá an fhreagracht ar riailbheas sa scoil faoina stiúradh agus tá dualgas air deimhin a dhéanamh de go bhfuil córas cothrom araíonachta i bhfeidhm inti. Is cóir gurb iad an príomhoide agus an fhoireann teagaisc i gcomhairle leis na tuismitheoirí a chuirfeadh an córas le chéile agus ba cheart go mbeadh faomhadh an Bhoird aige.**

2. **Ba chóir go gcuirfeadh múinteoirí beoshuim i bhfeabhsú agus i leas ginerálta a gcuid daltaí, caitheamh leo go cineálta ach go daingean, agus ba chóir a bheith mar aidhm acu iad a rialú trína mothú ceana agus a réasún in ionad trí chruas agus déine. Níor chóir i gcuinsí ar bith an fhonóid, an searbhas nó caint ar dócha di bonn a bhaint d'fhéinmhuinín an dalta a chleachtadh.**

3. **Tá úsáid an phíonóis chorpartha toirmiscthe.**

Múinteoir ar bith a sháraíonn Ranna (2) nó (3) den riail seo glacfar leis go bhfuil sé/sí ciontach in iompar nach cuí do mhúinteoir agus beidh gníomh diansmachta indlite dó/dí.

Nuair a shíleann an Bord Bainistíochta gur gá soláthar a dhéanamh sa chóras araíonachta chun deileáil le daltaí síor-dhocheansaithe nó le mórshárú riailbheasa trí údarás a thabhairt don Chathaoirleach nó don Phríomhoide dalta nó daltaí a ionnarbadh ón scoil, ní rachaidh an chéad tréimhse ionnarbtha sin thar trí lá scoile.

Ní mór cinneadh ar leith ón mBord Bainistíochta chun tréimhse bhreise ionnarbtha nach rachaidh thar deich lá scoile ar a mhéid a cheadú chun gur féidir dul i gcomhairle le tuismitheoirí nó caoimhnóirí an dalta nó na daltaí.
I dtosca éischeachtúla, is féidir leis an mBord Bainistíochta tréimhse bhreise ionnarbtha a cheadú, chun go ndéanfar athbreithniú ar an gceist.

Níor cheart aon pháiste a bhaint den rolla de bharr droch iompar go dtí go mbeidh cead faighte ón bPatrún agus muna bhfuil socraithe déanta gur féidir an páiste a chlárú i scoil oiriúnach eile.

*****Tá tuismitheoirí dalta a cuireadh ar fionraí ón scoil ar feadh 20 lá scoile nó níos mó i dteideal achomharc a dhéanamh de réir Alt 29 den Acht Oideachais1998.**

Díbirt: D'fhéadfaí an gnáthamh seo a chur i bhfeidhm i gcásanna eisceachtúla de réir Alt 23 den Acht Oideachais (Leas) 2000.

RULE 130 OF THE RULES FOR NATIONAL SCHOOLS

(As amended in Circular 7/88).

SCHOOL DISCIPLINE

1. *The Board of Management has ultimate responsibility for the discipline in the school under its management and a duty to ensure that a fair code of discipline applies therein. This code should be formulated by the principal and teaching staff in consultation with parents and be approved by the Board.*

2. *Teachers should have a lively regard for the improvement and general welfare of their pupils, treat them with kindness combined with firmness and should aim at governing them through their affections and reason and not by harshness and severity. Ridicule, sarcasm or remarks likely to undermine a pupil's self-confidence should not be used in any circumstances.*

3. *The use of corporal punishment is forbidden.*

Any teacher who contravenes sections (2) or (3) of this rule will be regarded as guilty of conduct unbefitting a teacher and will be subject to severe disciplinary action.

Where the Board of Management deems it necessary to make provision in the code of discipline to deal with continuously disruptive pupils or with a serious breach of disciplines, by authorising the Chairperson or Principal to exclude a pupil or pupils from school, the maximum initial period of such exclusion shall be three school-days.

A special decision of the Board of Management is necessary to authorise a further period of exclusion up to a maximum of 10 school-days to allow for consultation with the pupil or pupil's parents or guardians.
In exceptional circumstances, the Board of Management may authorise a further period of exclusion in order to enable the matter to be reviewed.

No pupil shall be struck off the roll for breaches of discipline without the prior consent of the Patron and unless alternative arrangements are made for the enrolment of the pupil at another suitable school.

Parents of a pupil who has been suspended for 20 school days or more are entitled under Section 29 of the Education Act 1998 to appeal such a suspension.

Expulsion: This procedure may be considered in an extreme case, in accordance with Section 23 of the Education Welfare Act 2000.

2. SEO ÉIRIM SCÉIME d'FHEALSÚNACHT NA MÚINTEOIRÍ I DTAOBH ARAÍONACHTA AGUS IOMPAR NA bPÁISTÍ I SCOIL AONGHUSA

Déanfaidh na múinteoirí gach iarracht araíonacht mhaith a fháil trí na páistí a mholadh in ionad iad a cháineadh.

Coimeádfar cúntas scríofa de mhí-iompar chomh maith le cuntas ar an bhfeabhas a thagann ar

dhaltaí toirmeascha. Is í/é an múinteoir ranga a choiméadfadh an cuntas seo. Cuirfear fios ar thuismitheoirí nuair a bheadh an gá ann.

Tabharfar comhairle leanúnach do na páistí ar na h-ábhair seo; cineáltas, fírinneacht, macántacht, díograiseacht, poncúlacht agus am do Dhia.
Tá comhoibriú na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach chun an fealsúnacht seo a chur i bhfeidhm i gceart. Moladh mar sin go dtabharfar cóip de rialacha na scoile dóibh ag tús na scoil bliana, i dtreo is go mbeidh siad ar eolas acu agus chun cabhrú leis na múinteoirí iad a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, beidh fáilte roimh thuismitheoirí chun ceiste nó fadhbanna a phlé. Bheadh na múinteoirí buíoch dá ndéanfaí coinne roimh ré leis an múinteoir oiriúnach nó an Príomhoide.

Sa Chód Araíonachta agus íompar tá dhá rannóg de rialacha: Na Rialacha Órga agus na Rialacha Ranga. Baineann na Rialacha Órga le smacht ar fud na scoile agus baineann na Rialacha Ranga le smacht sa seomra ranga.

2. AN OUTLINE OF TEACHERS' PHILOSOPHY WITH REGARD TO DISCIPLINE

Teachers will encourage desired mode of behaviour through praise and motivation rather than punitive sanctions.

Incidences of good and improved behaviour as well as incidences of undesirable behaviour will be recorded. The recording of this information will be carried out in each class and parents will be informed when necessary.

Children will receive advice on the following topics which have a direct relation to good discipline, these are truthfulness, honesty, kindness, diligence, punctuality and prayerfulness.

The co-operation of parents in the administration of this philosophy is vital. It is therefore recommended that parents be given a list of school rules at the beginning of each school year, in order to familiarise themselves with them and help in their smooth administration. Please note that parents are welcome to discuss queries or questions which they may have. It would be appreciated that an appointment be made beforehand, with the appropriate teacher or the School Principal.

In our Code of Behaviour and Discipline there are two sets of rules. There are the 'Rialacha Órga' which relate to the pupils' behaviour throughout the school and in the school yard. Also, there are the 'Rialacha Ranga' which concern behaviour in the classroom.

---

3. RIALACHA & SMACHTBHANNA

RIALACHA ÓRGA NA SCOILE:

Coinnigh na rialacha seo le do thoil.

1. **Déan mar a iarrann múinteoirí na scoile ort láithreach.**
2. **Siúl go ciúin sa scoil.**

3. **Labhair Gaeilge i gcónaí.**

4. **Cuir bruscar sa bhosca bruscair agus tabhair aire do thimpeallacht na scoile.**

5. **Cloí leis an gcloigín.**

6. **Bí go deas lena chéile agus ná gortaigh éinne.**

7. **Bí gléasta go cuí in éide na scoile.**

Golden School Rules

Please adhere to the following school rules

1. *Do as the teacher asks you.*
2. *Walk quietly in the school building.*
3. *Speak Irish always.*
4. *Put rubbish in the bin and respect our school environment.*
5. *Obey the bell when it rings.*
6. *Show respect to everyone and do not hurt anybody.*
7. *Wear your school uniform*

RIALACHA ÓRGA ..... SMACHTBHANNA

Is féidir rabhadh a thabhairt don pháiste agus a (h)ainm a scríobh san fhillteán. i dteannta leis an riail a briseadh. Síneoidh an múinteoir é seo. Rachaidh nóta abhaile á chur é seo in iúl. Síneoidh an tuismitheoir é seo.

Is féidir iarraidh ar an bpáiste fanacht istigh ag am sosa/lóin nó súil leis an múinteoir ar an gclós ag am lóin.

Is féidir litir oifigiúil a sheoladh abhaile. Beidh ar thuismitheoirí an pháiste í seo a shíniú.

Is féidir buaileadh le tuismitheoirí an pháiste, i dteannta leis an bPríomhoide agus an Múinteoir Ranga.

Golden Rules …..Sanctions

A warning may be given to pupils and their name and the rule broken may be written into the folder. The teacher will sign this. A note may be sent home informing the parent of this and this should be signed by the parent.
A pupil may be asked to stay inside at lunchtime/break time or asked to walk with the teacher in the yard at lunchtime/break time.
An official letter may be sent home. Parents will be asked to sign this letter.
A meeting may be organised with parents, Class Teacher and Principal.

Fíor dhroch - iompar:
Rachaidh litir oifigiúil abhaile láithreach ná cuirfear glaoch gutháin ar thuismitheoir.

Gross Misbehaviour:
An official letter will be sent home or parents will receive a phone call.

NA RIALACHA RANGA:

Coinnigh na rialacha seo le do thoil.

1. **Déan mar a iarrann an múinteoir ranga ort láithreach.**
2. **Déan do dhícheall.**
3. **Ná cuir isteach ar éinne eile sa rang ar aon bhealach.**
4. **Ardaigh do lámh agus fan ar chead cainte.**
5. **Faigh cead chun d'áit a fhágáil.**
6. **Bíodh ómós agaibh don timpeallacht.**

Classroom Rules
1. *Do as the class teacher asks you immediately.*
2. *Do your best.*
3. *Respect everyone else in the class.*
4. *Raise your hand and wait for permission to talk.*
5. *Ask for permission to leave your place.*
6. *Respect the environment.*

RIALACHA RANGA ..... SMACHTBHANNA

Is féidir rabhadh a thabhairt don pháiste agus a (h)ainm a scríobh síos.

Is féidir iarraidh ar an bpáiste dul go dtí áit éigin eile sa seomra ranga.

Is féidir obair sa bhreis a thabhairt don pháiste.

Is féidir an páiste a bhogadh chuig seomra eile.

Is féidir litir a sheoladh abhaile agus cruinniú a eagrú le tuismitheoirí an pháiste.

Classroom Rules …..Sanctions

A warning may be given to pupils and their name and the rule broken may be written into the folder. The teacher will sign this. A note may be sent home informing the parent of this and this should be signed by the parent.
A pupil may be asked to move to another place in the classroom.
A pupil maybe asked to complete an extra task.
A pupil maybe moved to another classroom for a period of time.
A letter may be sent home and a meeting may be arranged with the parent.

Fíor dhroch - iompar:

Rachaidh litir oifigiúil abhaile láithreach ná cuirfear glaoch gutháin ar thuismitheoir.
Gross Misbehaviour:
An official letter will be sent home or parents will receive a phone call.

Moltar go ndéanfar athbreithniú ar an gcód go rialta.

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta : _____

Sínithe: _____